Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Lúnasa 2022**
**(OR. en)**

**11695/22**

**SOC 454**
**EMPL 298**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | An Coiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta<br>Ceapachán Caterina FRANCOMANO, comhalta don Iodáil, in ionad Giovanni CALABRÒ, atá éirithe as oifig |

1. Cuireadh in iúl d'Ardrúnaíocht na Comhairle go bhfuil Giovanni CALABRÒ tar éis éirí as oifig mar chomhalta den Choiste thuas i gcatagóir ionadaithe na rialtas (don Iodáil).

2. Faoi Airteagal 75 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 an 29 Aibreán 2004[1] lena mbunaítear an Coiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha, agus de bhrí Chinneadh ón gComhairle an 21 Meán Fómhair 2020[2], beidh na ceapacháin bailí go ceann tréimhse 5 bliana.

[1] IO L 166, 30.4.2004, lch. 1.
[2] IO C 315 I, 23.9.2020, lch. 1.

3. I gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta, tá an t-iarrthóir seo a leanas ainmnithe ag rialtas na hIodáile le teacht in ionad an chomhalta atá ag éirí as oifig, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 19 Deireadh Fómhair 2025:

Caterina FRANCOMANO
Ceann Aonad V
An Ard-Stiúrthóireacht um Shlándáil Shóisialta agus um Polasaithe Árachais
An Aireacht Saothair agus Beartas Sóisialta
Via Flavia, 6-00187 An Róimh
Teil. +39 06 46832470
*Ríomhphost: cfrancomano@lavoro.gov.it*
*DGPrevidenzaDiv5@lavoro.gov.it*

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

(a) an Cinneadh ón gComhairle atá i gceangal leis seo, lena gcuirtear comhalta in ionad comhalta den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta, a ghlacadh mar mhír 'A', agus

b) an Cinneadh a fhoilsiú, mar fhaisnéis, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**IARSCRÍBHINN**

Dréacht-CHINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an

lena gcuirtear comhalta in ionad comhalta

den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta[3], agus go háirithe Airteagal 75 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis na Cinntí uaithi an 21 Meán Fómhair 2020[4] agus an 19 Deireadh Fómhair 2021[5], cheap an Chomhairle na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta don tréimhse dar críoch an 19 Deireadh Fómhair 2025.

(2) Tá suíochán comhalta i gcatagóir ionadaithe na rialtas tagtha chun bheith folamh anois ó tharla gur éirigh Giovanni CALABRÒ as oifig.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag rialtas na hIodáile don fholúntas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

3 IO L 166, 30.4.2004, lch. 1.
4 IO C 315 I, 23.9.2020, lch. 1.
5 IO C 427 I, 22.10.2021, lch. 11.

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Caterina FRANCOMANO ina comhalta den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta in ionad Giovanni CALABRÒ, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 19 Deireadh Fómhair 2025.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán